2013. S. 23AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**Ná** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A.**



**PICTIÚR B.**




X


**PICTIÚR C1.**



**PICTIÚR C2.**




**PICTIÚR C3.**



## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

*Staraí:* Ar an Satharn an fichiú Meitheamh shiúil Piechowski agus triúr Polannach eile a bhí ina bpríosúnaigh polaitiúla amach geata an phríomhchampa agus i dtreo a ngnáthionad oibre cúpla céad méadar níos faide ar aghaidh. Gan aon duine á dtabhairt faoi deara, d'éirigh leo briseadh isteach i stóras inar choinnigh an SS a soláthair éidí, gunnaí agus armlón. Ghléas siad iad féin go tapa mar SS. Ní raibh sé ar intinn acu na gunnaí a úsáid chun aon Ghearmánach a lámhach mar go raibh fhios acu go mbainfí éiric uafásach de na cimí eile sa champa. Mar go raibh duine de na príosúnaigh ag obair i ngaráiste an SS freisin, a bhí dúnta de bhrí gurbh é an deireadh seachtaine a bhí ann, d'éirigh leo gluaisteán a ghoid chomh maith.

*Príosúnach:* Ba é an fhadhb an ligfidís amach gan phas muid, gan doiciméid. Bhí cúig mhéadar déag le dul againn, tá an bhacainn fós thíos....agus ag an nóiméad sin buaileadh sonc sa droim orm...Tháinig mé chugam féin. Sin é. Tá siad ag brath ormsa. (bhéic me) "Oscail! Cá fhad eile a chaithfimid fanacht anseo?" D'oscail an bhacainn, bhíomar saor.

Bunaithe ar Laurence Rees, *Auschwitz* (BBC 2005)

SS = gardaí an champa
Cimí = príosúnaigh

éiric = díoltas
bacainn = geata/ bloc bóthair

### DOICIMÉAD 2

Oíche i ndiaidh oíche tháinig na buamadóirí Gearmánacha anall le hiarracht a dhéanamh dugaí Learphoill a leagan go talamh. Chodail mo dheartháir Brian agus mé féin ar bhuncanna taobh thiar de chuirtín tiubh ag deireadh pasáiste fada. Ceapadh go raibh sé sin níos sábháilte ná codladh i seomra, áit a bhféadfadh na fuinneoga briseadh agus go ngearrfadh an ghloine muid.

Tar éis cúpla seachtain de seo, d'éirigh an bhuamáil chomh dian gur fhágamar ár dteach nuair a shéid na bonnáin agus chuamar chuig scoil damhsa bálsheomra béal dorais, áit a raibh íoslach gan aon fhuinneog.

Ar feadh míonna le linn na tréimhse seo, ní dheachaigh Brian ná mé féin ar scoil. Is dócha nach mbeadh mórán céille le dul ann mar go rabhamar inár ndúiseacht an chuid is mó den oíche. Ceapaim, i ndáiríre, nach raibh mo mháthair ag iarraidh orainn dul ar scoil ar fhaitíos go dtarlódh aer-ruathar agus go scarfaí ó chéile muid. Ach faoi dheireadh tháinig na cigirí scoile suas linn. B'ábhar iontais é go raibh siad fós ag obair agus dúirt siad le mo mháthair go gcaithfimis dul ar scoil.
Sliocht as Stella Rimington, *Open Secret* (Hutchinson, Londain 2001), ll 5-6.